# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

***An Ardteistiméireacht Fheidhmeach** 2008*

Marc Iomlán

# Speisialachas Gairmiúil –
## Óstán, Lónadóireacht agus Turasóireacht
(200 marc)

**Creidiúint**

**Dé hAoine, 6 Meitheamh**

**Tráthnóna 2.00 go 3.30**

***Treoracha d'Iarrthóirí***

1. Scríobh DO SCRÚDUIMHIR sa spás seo:
2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ AR FAD SA FHREAGARLEABHAR SEO.
3. Caithfidh iarrthóirí tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist.
   Freagair ceist amháin as **gach** roinn de na ceithre roinn sa pháipéar.
   Tá 50 marc ag dul do gach ceist.

| *Don Fheitheoir amháin* | *Don Scrúdaitheoir amháin* | | |
|---|---|---|---|
| **Stampa an Ionaid** | 1. | Iomlán na n-iomlán bunleathanaigh | |
| | 2. | Suim charnach na gceisteanna dícheadaithe | |
| | 3. | Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| | 4. | Bónas do fhreagairt trí Ghaeilge (más cuí) | |
| | 5. | Marc iomlán a bronnadh má tá bónas don Ghaeilge i gceist (3 móide 4) | |
| | **Nóta:** Caithfidh an marc i líne 3 (nó líne 5 má bronnadh bónas don Ghaeilge) a bheith comhionann leis an marc sa bhosca **Marc Iomlán** ar ghreille an fhlapa agus ar éadan an fhreagarleabhair. | | |

# *Roinn 1 –* **Ag Ithe as Baile: Bealach an Mhearbhia**

**(Tabhair faoi Cheist 1 <u>nó</u> faoi Cheist 2 sa roinn seo.  Tá 50 marc ag dul do gach ceist)**

**1.** ***Is ionaid thaitneamhacha iad 'Siopaí Caife' nuair a bhítear ag ithe as baile am lóin.***

*(a)* Cuir próifíl de shiopa caife nua-aimseartha le chéile, faoi **<u>gach</u>** ceann de na ceannteidil seo a leanas. (16 marc)

1. Nithe a mbíonn súil ag an gcustaiméir leo.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

2. Stíl na seirbhíse.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

3. Troscán agus Feistiú.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

4. Rogha trealaimh

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

*(b)* Déan liosta míreanna de bhia te agus liosta míreanna de bhia fuar atá oiriúnach le cur ar fáil i siopa caifé.

(16 mharc)

**Biachlár**

| Míreanna de bhia te | Míreanna de bhia fuar |
|---|---|
| ____________________ | ____________________ |
| ____________________ | ____________________ |
| ____________________ | ____________________ |
| ____________________ | ____________________ |

*(c)* Ainmnigh **<u>sé</u>** dheoch, idir the agus fhuar, a ullmhaíonn agus a chuireann foireann an tsiopa caife ar fáil. (12 mharc)

1. ____________________ 2. ____________________

3. ____________________ 4. ____________________

5. ____________________ 6. ____________________

*(d)* Mol ábhar pacáistithe éagsúil eile ‘beir leat’ atá oiriúnach d’anraith te agus do cheapaire tóstaithe. (6 mharc)

1. Anraith te ______________________________

2. Ceapaire tóstaithe __________________________

**2.**

*(a)* Sainaithin **ceithre** ní is cúis le timpistí sa chistin go minic. (12 mharc)

*(b)* Mol **cúig** réamhchúram ba chóir a thógáil chun baol timpistí i gcistineacha a laghdú. (15 mharc)

*(c)* Ainmnigh **trí** phíosa trealaimh shábhála riachtanacha le haghaidh úsáide i gcistineacha lónadóireachta agus rianaigh na treoirlínte ba chóir a leanúint nuair a bhítear ag úsáid **gach** píosa trealaimh atá ainmnithe agat. (18 marc)

Ainm an trealaimh shábhála atá riachtanach

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________

Treoirlínte ba chóir a leanúint nuair a bhíonn an píosa trealaimh 1. thuas á úsáid.

Treoirlínte ba chóir a leanúint nuair a bhíonn an píosa trealaimh 2. thuas á úsáid.

Treoirlínte ba chóir a leanúint nuair a bhíonn an píosa trealaimh 3. thuas á úsáid.

*(d)* Ainmnigh eagraíocht atá freagrach as cúrsaí sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre. (5 mharc)

# *Roinn 2 –* Ag ithe as Baile: Óstáin, Bialanna agus Institiúidí

**(Tabhair faoi Cheist 3 <u>nó</u> faoi Cheist 4 sa roinn seo. Tá 50 marc ag dul do gach ceist.)**

**3.** ***Tá iarrtha ar do rangsa cóisir a eagrú agus an lónadóireacht a dhéanamh le haghaidh grúpa idir 10 mbliana agus 12 bhliain d'aois.***

*(a)* Rianaigh na príomhthascanna ba chóir a chur i gcrích roimh an gcóisir, agus na príomhthascanna ba chóir a chur i gcrích lá na cóisire, chun go ndéanfaí lónadóireacht mar is cuí don ócáid. (18 marc)

Tascanna a chuirtear i gcrích roimh ré.

Tascanna a chuirtear i gcrích ar lá na cóisire.

*(b)* Dear cárta cuiridh tarraingteach chun na cóisire. (5 marc)

CUIREADH

*(c)* Déan biachlár oiriúnach don chóisir a phleanáil agus a leagan amach. (12 mharc)

Biachlár

*(d)* Déan cur síos ar **thrí** fhactóir is gá a chur san áireamh nuair a bhíonn tascanna á roinnt ar bhaill an ranga. (15 mharc)

**4.** ***Is mian le custaiméir áirithint le haghaidh dinnéir a dhéanamh do ghrúpa daoine sa bhialann agatsa.***

*(a)* Rianaigh na nithe ba chóir don chustaiméir a phlé leis an mball d'fhoireann na bialainne agus an áirithint á dhéanamh. (15 mharc)

*(b)* Cad iad na tascanna ba chóir do fhreastalaí a chur i gcrích i dtosach báire nuair a thagann an grúpa daoine go dtí an bhialann agus ina dhiaidh sin i rith an bhéile? (18 marc)

Nuair a thagann an grúpa ____

I rith an bhéile

*(c)* Mínigh conas ba chóir don fhreastalaí déileáil leis an scéal má thagann beirt bhreise leis an ngrúpa. (8 marc)

*(d)* Rianaigh na factóirí a chuireann le hatmaisféar taitneamhach a chruthú d'aíonna nuair a bhíonn siad ag caitheamh béile i mbialann. (9 marc)

# *Roinn 3* – **Fáilteachas sa Turasóireacht**

**(Tabhair faoi Cheist 5 <u>nó</u> faoi Cheist 6 sa roinn seo. Tá 50 marc ag dul do gach ceist)**

**5.** ***Tá sé beartaithe agat féin agus ag cara leat taisteal go Corcaigh le haghaidh ceolchoirme Dé Sathairn.***
***Beidh tusa ag taisteal ó Ghaillimh, agus beidh do chara ag taisteal ó Inis.***

**GAILLIMH-LUIMNEACH- CORCAIGH** 51

LUAN GO DOMHNACH (Laethanta Saoire Poiblí san áireamh)

| **UIMHIR SHEIRBHÍSE** | | **242** | 051 | 051 | 051 | 051 | 051 | 051 | 051 | 051 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **SSuX** | | | | | | | | |
| **Gaillimh (Busáras)** | imeacht | …. | …. | …. | 0705 | 0805 | 0905 | 1005 | 1105 | 1205 |
| Gaillimh ITGM | ↓ | ….. | ….. | …. | P | P | P | P | P | P |
| Úarán Mór (Bóthar an Stáisiúin) | | ….. | ….. | …. | 0715 | 0815 | 0915 | 1015 | 1115 | 1215 |
| Droichead an Chláirín | | ….. | ….. | …. | R | R | R | R | R | R |
| Cill Cholgáin | | ….. | ….. | …. | R | R | R | R | R | R |
| An Gort (An Chearnóg) | | ….. | ….. | ….. | 0745 | 0845 | 0945 | 1045 | 1145 | 1245 |
| Croisín (Oifig an Phoist) | | ….. | ….. | ….. | R | R | R | R | R | R |
| Inis (Busáras) | | ….. | ….. | ….. | 0820 | 0920 | 1020 | 1120 | 1220 | 1320 |
| Aerfort na Sionna | | …. | …. | …. | 0850 | 0950 | 1050 | 1150 | 1250 | 1350 |
| Bun Raite | ↓ | …. | …. | …. | R | R | R | R | R | R |
| Luimneach(Busáras) | teacht isteach. | …. | …. | …. | 0920 | 1020 | 1120 | 1220 | 1320 | 1420 |
| Luimneach (Busáras) | imeacht | …. | 0725 | 0835 | 0935 | 1035 | 1135 | 1235 | 1335 | 1435 |
| Crosaire Uí Ruairc | ↓ | …. | R | R | R | R | R | R | R | R |
| An Ráth | | 0725 | 0800 | 0910 | 1010 | 1110 | 1210 | 1310 | 1410 | 1510 |
| Mala (Páirc an Bhaile) | ↓ | 0750 | 0830 | 0940 | 1040 | 1140 | 1240 | 1340 | 1440 | 1540 |
| Corcaigh (Plás Parnell ) | teacht isteach. | 0845 | 0915 | 1025 | 1125 | 1225 | 1325 | 1425 | 1525 | 1625 |

**P: - Dul ar bord amháin** **R: - Stad iarratais.**

**SsuX =** Seirbhís ar fáil ó Luan go hAoine – gan seirbhís ar fáil ar Laethanta Saoire Poiblí

*(a)* Breathnaigh amchlár na mbusanna thuas agus mol am imeachta don bheirt agaibh, chun go mbainfidh sibh Corcaigh amach chomh gairid agus is féidir do 3.30 in.
Abair cén t-am a bhainfidh sibh Corcaigh amach. (6 mharc)

Imeacht ó Ghaillimh________ Imeacht ó Inis __________ Teacht go Corcaigh _________

*(b)* Mínigh go mion <u>**gach**</u> ceann díobh seo a leanas mar a fheictear ar an amchlár iad, **P, R** agus **SSuX**. (9 marc)

**P** ________________________________________________________________

________________________________________________________________

**R** ________________________________________________________________

________________________________________________________________

**SSuX** ________________________________________________________________

________________________________________________________________

*(c)* Rianaigh modh **amháin** chun ticéid taistil bus /iarnróid a chur in áirithe roimh ré agus luaigh **dhá** bhuntáiste leis. (12 mharc)

Modh áirithinte ____________________________________________

____________________________________________

Buntáistí

1. ____________________________________________

____________________________________________

2. ____________________________________________

____________________________________________

*(d)* Mol modh taistil phoiblí éagsúil **eile** atá oiriúnach do thuras fada i gcás **gach** duine de na turasóirí seo a leanas. Rianaigh fáth leis an moladh agat i **ngach** cás.

(18 marc)

1. Mac léinn ____________________________________________

Fáth leis an moladh ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

2. Duine den lucht gnó____________________________________________

Fáth leis an moladh ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

3. Lánúin agus leanbh acu ____________________________________________

Fáth leis an moladh ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

*(e)* Ainmnigh an eagraíocht atá freagrach as seirbhísí bus a riar in Éirinn. (5 mharc)

Eagraíocht____________________________________________

**6.** *(a)* Liostaigh **cúig** chineál éagsúla lóistín le haghaidh laethanta saoire. (10 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________

4. ______________________________

5. ______________________________

*(b)* Tabhair fáthanna a rachadh teaghlach ar laethanta saoire thar lear seachas saoire a chaitheamh in Éirinn. (16 mharc)

*(c)* Liostaigh **cúig** ní is gá a thabhairt leat nuair a bhíonn tú ag dul thar lear ar laethanta saoire. (10 marc)

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________

4. ______________________________

5. ______________________________

*(d)* Mol ionad laethanta saoire le haghaidh lánúine sách aosta agus pléigh na fáthanna leis an moladh agat. (14 mharc)

Ionad (laethanta saoire) ____________________

Fáthanna

# *Roinn 4 –* **Lónadóireacht le hAghaidh na hÉagsúlachta**

**(Tabhair faoi Cheist 7 <u>nó</u> faoi Cheist 8 sa roinn seo. Tá 50 marc ag dul do gach ceist)**

**7.** ***Is cosúil go léiríonn taighde a rinneadh le déanaí go bhféadfadh fadhbanna sláinte éirí as iontógáil íseal snáithín.***

*(a)* Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach snáithín a bheith mar chuid den aiste bia? (4 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

*(b)* Rianaigh **<u>trí</u>** shlí chun cur le hiontógáil snáithín san aiste bia. (9 mharc)

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

3. ______________________________________________

______________________________________________

*(c)* Pleanaíl biachlár bricfeasta **<u>trí</u>** chúrsa agus biachlár lóin **<u>trí</u>** chúrsa do dhuine ar aiste bia ardshnáithín. (22 marc)

*Biachlár Bricfeasta*

## *Biachlár Lóin*

*(d)* Déan trácht ar luach cothaitheach **gach** ceann de na mbiachlár atá pleanáilte agat. (10 marc)

*(e)* Mínigh cad tá i gceist le Ciondáil Laethúil Mholta (C.L.M.) (5 marc)

**8.** ***Tá Comhairle na Mac Léinn i do scoilse ag pleanáil tráthnóna cócaireachta idirnáisiúnta. Mar bhall de Chomhairle na Mac Léinn beidh tú i bhfeidhil seastán bia a mbeidh bia ó thrí thír ar taispeáint air.***

*(a)* Ainmnigh na **trí** thír a mbeidh a gcuid bia ar taispeáint agus maidir le **gach** tír acu ainmnigh cúrsa tosaigh **amháin** agus mias príomhchúrsa **amháin** a d'fhéadfaí a ullmhú chun go gcuirfí ar taispeáint ar an seastán bia iad. (15 mharc)

| **Tír** | **Cúrsa Tosaigh** | **Mias Príomhchúrsa** |
|---|---|---|
| 1. | | |
| | | |
| 2. | | |
| | | |
| 3. | | |
| | | |

*(b)* Rianaigh na fáthanna a bhfuil difríochtaí idir an aiste bia, na roghanna bia agus na nósanna itheacháin in áiteanna éagsúla ar domhan. (15 mharc)

*(c)* Sceitseáil agus déan cur síos ar leagan amach an tseastáin bhia. (11 marc)

**Sceitse**

Cur síos ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

*(d)* Mol **<u>trí</u>** bhealach ar féidir béim a chur ar an téama idirnáisiúnta.

(9 marc)

1. ______________________________________________
2. ______________________________________________
3. ______________________________________________

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

**Don Scrúdaitheoir amháin**

| **Ceist** | **Marc** |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| ***Bónus don Ghaeilge*** | |
| ***Iomlán*** | |